

An Léamhthuiscint

MOLTAÍ GINEARÁLTA AGUS CUR CHUIGE

- ⊙ Beidh dhá shliocht le léamh sa scrúdú ar 50 marc an ceann. Trialacha léamhthuisciana a bheidh sa cheist seo ach féadfar a bheith ag súil le focheist ar cheart na teanga bunaithe ar an téacs, mar shampla, ‘Aimsigh sampla den Tuiseal Gineadach Uatha in alt a trí.’
- ⊙ Beidh ar an dalta ceist amháin ar a laghad a lorgóidh tuiscint dhomhain ar an bpíosa, mar shampla: ‘Déan cur síos i d’fhocail féin ar an saghas duine é an príomhcharachtar atá luaite sa sliocht, dar leat.’ Ní gá níos mó ná cúig abairt a scríobh sa chuntas seo. **Nó** ‘Ón léamh atá déanta agat ar an sliocht thuas, (a) déan cur síos ar chineál an phíosa scríbhneoireachta atá ann agus (b) abair céard iad na comharthaí sóirt (*identifying features*) a bhíonn ag an gcineál sin saothair. Bíodh tagairt agat don sliocht mar thaca le do fhreagra agat.’
- ⊙ Sula ndéanann tú staidéar ar an léamhthuiscint ullmhaigh an méid seo a leanas: Cinéalacha daoine: éirimiúil, lách, cineálta, sotalach, brodúil, tuiscianach, 7rl. Cleachtaigh na cineálacha seo trí thagairt a dhéanamh don bprós agus don fhilíocht ainmnithe agus trí úsáid irisí agus leabhair Ghaeilge.
- ⊙ Bíodh cur amach agat ar chineálacha próis mar a leanas:
 - (a) Tuairisciúil (*descriptive*)
 - (b) Insint/stíl inste (scéalaíochta) (*narrative*)
 - (c) Léirmheastach (*critical*)
 - (d) Stairiúil (*historic*)
 - (e) Iris/stíl irise (*journalistic*)

Bí ábalta na cineálacha sin sna píosaí léamhthuisciana agus samplaí de na comharthaí sóirt a bhaineann leo, a aithint. Mar shampla:

- ❖ *Is píosa stairiúil an píosa seo i gcoitinne. Tá seo soiléir ó na tagairtí do stair na hÉireann atá sa sliocht. Tá tagairt don Ghorta Mór agus do bhás Dhónaill Uí Chonaill san alt tosaigh . . .*
- ❖ *Is píosa tuairisciúil an píosa seo go ginearálta. Tá seo soiléir ó na tuairiscí a thugtar ann ar dhathanna na gcrann, áille na sléibhte agus, dar ndóigh, an cur síos ar an bhfear in alt a ceathair . . .*
- ❖ *Déarfainn gur píosa léirmheastach an píosa seo. Déanann an scríbhneoir anailís ar shaothar agus ar stíl an údair/fhíle a luaitear. Féach na samplaí seo a leanas in alt a dó agus in alt a cúig . . .*
- ❖ *Is dóigh liom gur píosa inste (scéalaíochta) an píosa seo. Tá scéal á insint ag an scríbhneoir tríd síos. Tóg na samplaí seo a leanas . . .*

- ❖ Seans go mbeadh **cúpla cinéal próis** i gceist. Ba chóir, mar sin, é sin a lua má's gá. Mar shampla: *Is píosa stairiúil an píosa ach tá gnéithe tuairisciúla ann in áiteanna mar a leanas . . .*

Ag aimsiú pointí gramadaí sa sliocht

Bí cinnte go dtuigeann tú bunús na gramadaí agus go gcleachtaíonn tú go rialta é. Ba chóir na briathra rialta agus neamhrialta, na haimsirí, an chopail, díochlaonadh na n-ainmfhocal, na huimhreacha pearsanta, an chlaoninsint, na réamhfhocail agus a leithéid eile a bheith ar eolas agat chun pointí gramadaí a phlé sa sliocht.

Sa scrúdú féin

Léigh an sliocht uair amháin agus déan iarracht an bhrí ghinearálta a thuiscint. Léigh arís é agus ansin léigh na ceisteanna a ghabhann leis. Déan iarracht díriú isteach ar an ábhar a bhaineann leis na ceisteanna sin ach go háirithe. Ní gá gach focal a thuiscint. Scríobh amach freagra garbh ar dtús. Ansin léigh an sliocht arís agus déan iarracht barr feabhais a chur ar do fhreagraí.

1 An Fathach Éireannach

1 Sa Droichead Beag, Contae Thír Eoghain, a rugadh Charles Byrne sa bhliain 1761. Sula raibh sé ocht mbliana déag d'aois bhí sé seacht troigh is ocht norlaí ar airde. Sa bhliain 1780 d'fhág sé an tír seo cun dul sa tseans in Albain agus i Sasana. Bhain sé cathair Londain amach faoi dheireadh agus ba ansin a fostaíodh é in Iarsmalann Cox. Bhí an iarsmalann seo ar aon dul le hIarsmalann Barnum sna Stáit Aontaithe ina mbíodh daoine aisteacha ar taispeáint – daoine bochta a bhíodh an-mhór nó an-bheag, daoine faoi mháchail nó a mbíodh gnéithe neamhghnácha ag baint leo. D'éirigh go maith leis san iarsmalann sin agus bhí ar a chumas cónaí in árasán galánta a raibh troscán den scoth ann, taobh leis.

2 Níorbh fhada go raibh clú amuigh air agus

an-tóir air i measc an phobail. Glacadh gur chuid caidéise (*curiosity*) é ach dúirt tuairisc nuachtáin amháin gurbh iontach an 'fathach Éireannach' é agus tugadh 'Colossus Beo' air. D'éirigh Charles saibhir ach chuaigh sé ar an drabhlás. D'ól sé an iomarca agus goideadh seacht míle punt uaidh nuair a bhí sé ar dheargmheisce. Airgead taise a shaoil a bhí san airgead seo agus ba mhór an bhéim síos air é. D'iarr sé cuimhne a bhuartha a chur as a cheann leis an ól ach ba shaothar in aisce dó é. Fuair Charles Byrne bás in aois a dhá bhliain is fiche ag Charing Cross sa bhliain 1783. Sula bhfuair sé bás thuig sé go raibh an-suim ina chorp i measc dochtúirí agus lianna. Ba léir dó go mbeidís ag

iarraidh scrúdú iarbháis a dhéanamh ar a chreatlach. Rinne sé coinníoll de, mar sin, go n-adhlacfaí a chorp san fharraige.

3 Faraor, chuir an lia cáiliúil John Hunter an-suim go deo san fhathach. Bhí iarsmalann faoi leith ag Hunter i gColáiste na Lianna i Londain. Nuair a thuig seisean go raibh Charles Byrne marbh thug sé breab do dhuine de lucht na sochraide agus rug sé ar chorp an fhathaigh. Líonadh an cónra le clocha agus adhlacadh san fharraige an ‘corp.’ Dúradh gur thug an lia cúig chéad punt ar an gcorp. Thum Hunter an corp ansin in uisce fuchta gur scaoil sé an fheoil ó na cnámha chun teacht ar an gcreatlach mór. Cuireadh an creatlach sin ar taispeánt in iarsmalann Hunter mar a bhfuil sé anois. Tá sé seacht troigh is seacht norlaí agus is díol suime é fós don phobal.

4 Rinne lia Meiriceánach scrúdú ar an gcreatlach sa bhliain 1909 agus tháinig ar shiadh piotútach (*pituitary tumour*). Sa bhliain 2011 d’aimsigh lucht taighde ón

mBreatain DNA Byrne ina chuid fiacal agus tháinig siadsan freisin ar an siad piotútach.

Bhí sóchán neamhchoitianta (*rare mutation*) sna géinte aige ba chúis leis an bhfás as cuimse. Creidtear go bhfuil ceithre theaghlach fós i dTuaisceart Éireann a bhfuil an sóchán céanna acu. Shíolraigh na teaghlaigh sin ó shinsearach a mhair in Éirinn breis is míle bliain ó shin.

5 Tá an-cuid scéalta mar gheall ar fhathaigh i mbéaloideas ár dtíre. Deirtear go raibh Fionn Mac Cumhaill an-mhór agus an-láidir. Nuair a mhaslaigh fathach Albanach é darbh ainm Fingal deirtear gur chaith Fionn clocha móra isteach san fharraige chun bealach a dhéanamh dó chun teacht chun comhráite leis. Tugtar Clochán an Aifir (*Giant’s Causeway*) ar na clocha sin ó shin i leith. Seans go bhfuil craiceann na fírinne ar roinnt de na scéalta béaloidis bíodh is go bhfuil fathaigh i dTuaisceart na hÉireann ar feadh breis is míle bliain. Ní fios an dtabharfadh an méid sin solás ar bith do Charles Byrne bocht lena linn.

Ceisteanna

- (a) Cén airde a bhí ag Charles Byrne nuair a bhí sé ocht mbliana déag d’aois? (Alt 1)
(b) Tabhair dhá phíosa eolais faoin ar tharla dó i Sasana.
- (a) Cén clú a bhí ar Byrne i Sasana? (Alt 2)
(b) Luaigh píosa amháin eolais a thugann le fios nach raibh Byrne ró-shona ina shaol.
- (a) Aimsigh sampla den Tuiseal Gineadach in alt 3.
(b) Cén bhreab a bhí i gceist in alt 3?
- (a) Céard ba chúis le fás Byrne? (Alt 4)
(b) Luaigh píosa eolais amháin eile faoin taighde a rinneadh sa bhliain 2011.
- (a) Déan cur síos i d’fhocail féin ar an saghas duine é Byrne, dar leat.
(b) Luaigh píosa eolais amháin faoin tagairt d’Fhionn Mac Cumhaill sa sliocht.
- (a) Cad a chreidtear i leith an tsócháin neamhchoitianta?
(b) Cén fáth, meas tú, a bhfuil ‘craiceann na fírinne’ ar roinnt de na scéalta béaloidis?

2 Tagann na Coronas i gcoróin!

1 Is grúpa rac-indie-altéarnach iad na Coronas a bhfuil Gradam Meteor bainte acu. Ceathrar atá sa ghrúpa agus tá siad ag seinm le chéile ó bhí siad cúig bliana déag d'aois. Thug siad 'Kiros' orthu féin ar dtús agus ansin ghlac siad an t-ainm 'Corona' ach bhí an t-ainm céanna ar bhuíon rinceoirí Iodálacha agus, mar sin, d'aistrigh siad a n-ainm go dtí na Coronas. Is as Tír an Iubhair, Baile Átha Cliath iad Danny O Reilly, Conor Egan agus Graham Knox. Is as Baile na Manach, Baile Átha Cliath, Dave McPhillips. D'fhreastail seisean ar Choláiste Gonzaga murab ionann agus na baill eile a chuaigh ar scoil i gColáiste Thír an Iubhair. Is cosúil go dtéann Danny lena mháthair, Mary Black, a bhfuil clú uirthi ar fuaid na tíre cheana féin as a guth ceolmhar.

2 B'é an cnag ba mhó a bhí acu ná 'San Diego Song' a bhí i gcairteacha singil na hÉireann ar feadh ceithre mhí. Eisíodh a chéad albam *Heroes or Ghosts* sa bhliain 2007 agus an t-albam *Tony was an Ex-Con* sa bhliain 2009. Meastar go bhfuil tionchar Jeff Buckley agus na Libertines le cloisteáil ar an gcéad albam. Is féidir agallamh leis an ngrúpa a fheiceáil ar YouTube agus bhí siad cheana féin ar an *Late Late Show*, *The Cafe*, ní áirím Seó Podge agus Rodge mar a raibh an bheirt seandúine rua ag rince go mall le chéile nuair a chan an grúpa an bailéad álainn 'Hello' le Lionel Richie! Creidtear gurb iad na Coronas an grúpa Éireannach is mó a bhfuil gealladh fúthu agus tá an méid seo thar a bheith soiléir

mar go bhfuil an-mheas ag a leantóirí orthu agus an-tóir orthu i gcoitinne.

3 Ó tá conradh bainistíochta sínte acu sna Stáit Aontaithe, tá na leaids ag iarraidh a gcleití a thógáil agus ionsaí iltaobhach a dhéanamh ar Mheiriceá! Tá an-mhuinín go deo ag Danny, príomh-amhránaí an ghrúpa as a dtallann. Ba mhaith leis an ngrúpa a bheith ar cheann de na grúpaí is fearr ar domhan. Tá an-cuid turas déanta acu cheana féin thar dhá mhór-roinn agus i ndaichead cathair ar fuaid na cruinne. Bhí an-rath ar a gceolchoirm in amharclann an Tivoli i mBaile Átha Cliath sa bhliain 2011. Tugadh 'Bring them back for the Craic' ar an ngig seo! Ba dhlúthchairde iad Danny agus Graham ó bhí siad ina bpáistí agus bhí siad ag plé le ceol ó bhí siad trí bliana déag d'aois. Agus iad ar scoil d'earcaigh siad Connor mar dhrumadóir sa ghrúpa agus ba é seo tús na Coronas. Cúig bliana ó shin agus an bheirt chara ag obair i Vancouver, Ceanada, le linn an tsamhraidh, bhuaíl siad le Dave agus nuair a d'fhill siad go léir ar Éirinn thosaigh siad ag díriú a naire ar an gceol agus ag cleachtadh go rialta. Nuair a d'éirigh leis an gcéad shingil acu 'San Diego Song,' thuig siad go raibh leo.

4 D'oscail an t-amhrán sin go leor doirse dóibh agus níorbh fhada go raibh albam déanta acu. Le blianta beaga anuas bhí siad ina mbanna tacaíochta don Script agus do Macca (Paul McCartney) féin. Cé go raibh siad pas beag neirbhíseach ag seinm roimh cheolchoirm an iar-Beatle

san RDS, ba chleite ina sciathán dóibh an cheolchoirm thacaíochta sin. Is daoine umhla iad mar sin féin in ainneoin go bhfuil an-chlú orthu. Tá siad an-réchúiseach agus ní chuireann siad ró-bhéim ar éadaí ná ar an gcuma atá orthu.

5 Pé acu sin é is iomaí bean óg atá i ngrá leo.

Tá cailín amháin a mbíonn dlaoi de ghruaig Graham faoina pilliúr aici gach uile oíche! Níl baill an ghrúpa sásta eolas a thabhairt faoi chúrsaí grá ina saol ach tá Danny ag siúl amach le Laura Whitmore as MTV. Beidh an saol ar a dtoil acu is cosúil, ó tháinig na Coronas i gcoróin!

Ceisteanna

- (a) Cén chaoi ar 'bhaist' an grúpa na Coronas mar ainm orthu féin? (Alt 1)
(b) Cén bhaint atá ag an bpríomh-amhránaí le Mary Black? (Alt 1)
- (a) Aimsigh sampla den chopail in alt 2.
(b) Luaigh dhá phointe eolais mar gheall ar *Seó Podge agus Rodge*. (Alt 2)
- (a) Cén chaoi ar tharla do Dave a bheith sa ghrúpa? (Alt 3)
(b) Luaigh dhá phointe mar gheall ar an ngrúpa mar bhanna tacaíochta. (Alt 4)
- (a) Cén fhianaise atá ann go bhfuil an-tóir ar na leáids i measc na gcailíní? (Alt 5)
(b) Déan cur síos ar chineál an pháosa scríbhneoireachta.
- (a) Cén sórt daoine iad baill an ghrúpa ó fhianaise an tsleachta?
(b) Aimsigh sampla den bhriathar saor Aimsir Láithreach in alt 2.
- (a) Cén sórt eolais nach bhfuil an grúpa sásta a nochtadh leis an bpobal?
(b) Aimsigh sampla den Aidiacht Shealbhach in alt 5.

3 Grá geal Jane Austen

1 Tá beagnach dhá chéad bliain caite ó foilsíodh úrscéal mór le rá *Pride and Prejudice*, le Jane Austen. Tá an t-úrscéal léite ag an saol mór is a bhean ach is beag duine a thuigeann go bhfuil an phearsa lárnach, Fitzwilliam Darcy, bunaithe ar fhear a raibh cónaí air i Sráid Leeson i mBaile Átha Cliath, fear óg a raibh Jane Austen mór leis nuair a bhí sí ina bean óg. Ba é sin Thomas Langlois Lefroy, fear de bhunadh na Huguenots, mac le hoifigeach in arm na Breataine, a chuir faoi i gContae Luimní nuair a bhí deireadh lena ghairm mhíleata.

2 Rugadh Thomas, an mac ba shine, sa bhliain 1776 agus chuaigh sé ar ollscoil i gColáiste na Tríonóide mar mhac léinn dlí nuair nach raibh sé ach ceithre bliana déag d'aois. Agus é naoi mbliana déag d'aois bhí sé ar saoire i Hampshire, Shasana agus ba mhinic a thug sé cuairt ar theaghlach Austen ag Teach Ministir Steventon. Bhí Jane Austen bliain is fiche ag an am sin agus ba mhinic a bhíodh sí féin agus Thomas ag rince le chéile. Chan siad diséid (*duets*) le chéile freisin agus ba léir go raibh siad mór le chéile. In ainneoin sin d'fhill Thomas ar Éirinn gan ceiliúir

pósta a chur ar Jane. Ní haon ionadh é seo san am. Bhí teaghlach Jane bocht go leor agus ba bheag spré a bheadh aici. A mhalairt ar fad a bhí an scéal le Thomas. Bhí oidhreacht mhór geallta dó ach bheadh air í seo a ligint uaidh dá bpósfadh sé Jane i gcoinne toil a mhuintire.

3 Bhunaigh Jane Austen pearsa Elizabeth Bennett uirthi féin san úrscéal *Pride and Prejudice*. Is léir, áfach, go bhfuil Fitzwilliam Darcy bunaithe a bheag nó a mhór ar Thomas, fear a bhí an-dathúil ach a bhí go sotalach doicheallach. B'iad sin na tréithe a bhí aige i ndáiríre nuair a tháinig sé in inmhe. Ní amháin sin ach bhí sé claontuairimeach freisin agus é ina bhreitheamh ag trial John Mitchel sa bhliain 1848. Ghearr sé téarma ceithre bliana déag díbeartha ar Mitchel agus ghlac le tuairimí claonta an choiste cúirte gan amhras ar bith. Agus é in aois a trí scór, deich mbliana is a sé, ardaíodh a chéim agus rinneadh Príomh-Chiúistís ar Bhinse na Banríona é.

4 Ní raibh sé sásta éirí as an bpost tábhachtach seo agus sa bhliain 1866, bhí sé ag cloí leis fós agus é ceithre scór is deich mbliana d'aois! Nuair a bhí malairt rialtais ann bhí caoi aige éirí as le dínit agus lorg sé cead éirí as ón bPríomhaire nua, an Tiarna Derby. Faoin am seo bhí Jane Austen bhocht marbh le breis is leathchéad bliain. Chun a cheart a thabhairt do Thomas thaistil sé go Sasana chun comhbhrón a dhéanamh le teaghlach Austen nuair a fuair Jane bás sa bhliain 1817 agus bhí cuimhne chruinn aige riamh ar an údar cáiliúil mar thug sé Jane ar a chéad iníon cé go raibh seachtar clainne aige.

5 Sa scannán *Becoming Jane* (2007), glacann Anne Hathaway páirt Jane Austen agus glacann James McAvoy páirt Thomas Lefroy. Cuireann an scannán seo le rómánsaíocht an scéil cé nach raibh cleamhnas i ndán don lánúin óg riamh. Is mór an trua é nach raibh Lefroy níos cineálta le muintir na hÉireann, muintir nár thug sé ró-mhaith lena shaol.

Ceisteanna

- Cé hé pearsa lámach úrscéal Jane Austen agus cé air a raibh sé bunaithe? (Alt 1)
 - Cén fhianaise atá ann go raibh Thomas an-éirimiúil? (Alt 2)
- Cén fáth, meas tú, nár chuir Lefroy ceiliúr pósta ar Jane? (Alt 2)
 - Cén fhianaise atá ann go raibh Lefroy claontuairimeach i ndáiríre? (Alt 3)
- Cathain a d'éirigh Lefroy as oifig? (Alt 4)
 - Cén chaoi ar éirigh sé as 'le dínit'? (Alt 4)
- Cén fhianaise atá ann go raibh an-mheas ag Lefroy ar Jane Austen? (Alt 4)
 - Déan cur síos ar chineál an pháiosa scríbhneoireachta.
- Luaigh pointe amháin eolais faoin scannán *Becoming Jane*.
 - Aimsigh sampla de na huimhreacha pearsanta in alt 4.
- Cén locht a bhí ar Lefroy de réir fianaise ailt 5?
 - Aimsigh sampla den Aidiacht Bhaininscneach in alt 4.

4 An Chuntaois Markievicz: Feimineach agus Laoch

1 I nGeata Buckingham, Londain, a rugadh Constance Gore-Booth, iníon le Sir Henry Gore-Booth a bhí ina thaiscéalái Artach agus a raibh clú amuigh air. Bhí talamh aige in Éirinn agus teach mór aige ag Lios an Daill, Contae Shligigh. Cé gur tiarna talún é bhí sé an-charthanach agus chuir sé bia ar fáil saor in aisce dá thionóntaí i rith Ghorta na bliana 1879–80. Spreag a n-athair an bheirt iníon, Constance agus Eva, chun bá a bheith acu leis na bochtáin i rith a saoil féin. Ba mhinic W.B. Yeats, file, ar cuairt chuig Lios an Daill agus na deirfúracha ina mná óga.

2 Ba mhaith le Constance a bheith ina péintéir ach níor ceadáíodh di freastal ar choláistí ealaíona i mBaile Átha Cliath mar ní raibh áiteanna do mhná iontu. Chláraigh sí, mar sin, in Acadamh Slade i Londain mar ar éirigh sí gníomhach go polaitiúil, go háirithe i leith chearta vótála na mban. Agus í ag freastal ar Académie Julian i bPáras na Fraince, bhuaíl sí le Kazimierz Dunin-Markievicz, ealaíontóir saibhir agus cunta ón bPolainn. Nuair a fuair a bhean bás sa bhliain 1899, phós Constance é an bhliain dar gcionn agus fuair an teideal an Chuntais Markievicz dá réir sin. Rugadh iníon, Maebh, dóibh, bliain ina dhiaidh sin ag Lios an Daill. Ó bhí mac cheana féin ag Kazimierz d'éirigh Constance an-mhór leis agus ba bheag nár briseadh a croí nuair a d'fhill sé ar an bPolainn blianta ina dhiaidh sin.

3 Bhí teach ag an lánúin i mBaile Átha Cliath agus ba ann a bhuaíl Constance le

healaíontóirí eile ar nós Sarah Purser. Agus iad ag fanacht i dteach beag eile i mBaile Átha Cliath a bhí ar cíos ag an bhfile Pádraig Colum, léigh Constance cúpla irisleabhar a bhain leis an bPoblachtachas. Níorbh fhada go raibh sí an-dhíograiseach go deo faoi shaoirse na hÉireann. Chláraigh sí mar bhall de Shinn Féin agus d'Inghinidhe na hÉireann, gluaiseacht ban a bhunaigh Maud Gonne. Bhunaigh sí Fianna Éireann sa bhliain 1909. Sórt gasóga míleata a bhí san eagras seo inar oileadh daoine óga in úsáid arm. Chaith sí tréimhse i bpríosún as a cuid agóide i gcoinne cuairt Sheoirse a Cúig ar Éirinn. Ba shoisialái freisin í a bhí ina ball den ICA a bhunaigh Séamas O Conghaile. Ní nach ionadh, ghlac sí páirt lárnach in Éirí Amach na Cásca 1916 agus ghlac seilbh ar Fhaiche Stiofáin i mBaile Átha Cliath. Agus í ag gabháil Coláiste na Lianna mharaigh sí lena piostal garda a rinne iarracht a buíon óglach a choinneáil amach. Daoradh chun báis ina dhiaidh sin í ach scaoileadh saor sa bhliain 1917 í, nuair a tugadh pardún ginearálta do na príosúnaigh a ghlac páirt san éirí amach.

4 Rinneadh Aire Saothair di sa chéad Dáil, post nach raibh ag bean riamh roimhe sin, ná go dtí 1979 nuair a toghadh Máire Geoghegan Quinn. Nuair a tharla an Cogadh Cathartha sa bhliain 1922, ghlac sí taobh De Valera agus rinne cosaint ar Óstán Uí Mhóráin i mBaile Átha Cliath. Nuair a bhí deireadh leis an gcogadh thug sí sciurdturas ar Stáit Aontaithe Mheiriceá

ag iarraidh tacaíocht a fháil do chúis an phoblachtachais agus cé nár toghadh í in Olltoghchán na bliana 1922 toghadh í sa bhliain 1923 nuair nár ghlac sí a suíochán.

- 5 Chuaigh sí le Fianna Fáil nuair a bunaíodh an páirtí sa bhliain 1926 agus, nuair a tháinig siad i réim bliain ina dhiaidh sin, toghadh mar bhall den Chúigiú Dáil í. Faraor bhí briste ar a sláinte faoin am sin agus breis

is mí ina dhiaidh sin fuair sí bás in aois a leathchéad is naoi mbliana. Peindicíteas a mharaigh í cé gur cosúil go raibh an eitinn tolgtha aici le linn di a bheith ag obair i measc bhochtáin na cathrach. Cé go raibh sí scartha faoin am seo óna fear céile bhí sé féin, a iníon agus a leasmhac i mbéal na huaighe nuair a cuireadh í i Reilig Ghlas Naíon. Thug Éamonn De Valera an óráid sochraide.

Ceisteanna

- (a) Cén clú a bhí ar athair Constance? (Alt 1)

(b) Cén fhianaise atá ann gur dea-dhuine é a h-athair? (Alt 2)
- (a) Cén chaoi a bhfuair Constance a teideal? (Alt 2)

(b) Luaigh dhá phointe eolais mar gheall ar shuim Constance sa phoblachtachas (Alt 3)
- (a) Cén t-éacht a rinne sí sa bhliain 1922? (Alt 4)

(b) Céard a mharaigh í faoi dheireadh? (Alt 5)
- (a) Cén fhianaise atá ann go raibh a fear chéile dílis di i gcónaí? (Alt 5)

(b) Cén fhianaise atá ann go raibh ard-mheas uirthi? (Alt 5)
- (a) Déan cur síos i d'fhocail féin ar an saghas duine í Constance, dar leat. Ní gá níos mó ná cúig abairt a scríobh sa chuntas seo.

(b) Aimsigh sampla den Bhriathar Saor Aimsir Chaite in alt 4.
- (a) Cén fáth ar thug sí cuairt ar Stáit Aontaithe Mheiriceá?

(b) Aimsigh sampla den Urú in alt 2.